

# Socruithe Mhí na Nollag & Aimsir na Nollag

1 Nollaig: Rachaidh an tír go dtí Leibhéal 3, le roinnt athruithe

4 Nollaig: Oslófar bialanna arís

18 Nollaig - 6 Eanáir: Beimid ábalta cuairteoirí ó suas le dhá theaghlach eile a bheith againn inár dtithe agus beimid ábalta taisteal taobh amuigh dár gcontae féin.

Tá dochar déanta ag COVID-19 don saol le breis is 8 mí anois. Tá drochthionchar ag an bpaindéim —ar dhaoine go pearsanta, go heacnamaíoch agus go síceolaíoch. Tá rátaí ionfhabhtuithe íslithe de bharr go bhfuil an pobal ag cloí le bearta sriantacha. Ach, ní mór dúinn leanúint de na daoine is mó atá i mbaol a chosaint áfach.

## Ó Dé Máirt an 1 Nollaig

Beidh Leibhéal 3 (le roinnt athruithe) i bhfeidhm ó Dé Máirt an 1 Nollaig go tús mhí Eanáir. Beidh bearta breise faoi leith i bhfeidhm don Nollaig.



Oslófar siopaí arís.



Oslófar seirbhísí pearsanta, lena n-áirítear gruagairí, arís.



Oslófar larsmalanna, Gailearaithe agus Leabharlanna arís.



Ceadófar freastal ar sheirbhísí reiligiúnacha agus bearta cosanta i bhfeidhm



Ceadófar taisteal taobh istigh de do chontae féin.




Oslófar Caiféanna, Bialanna agus Tithe Tábhairne a chuireann bia ar fáil an 4 Nollaig gan níos mó ná 6 duine a bheith ag gach bord.


Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céa -daoin	Déar-daoin	Dé hAoine	Dé Sathairn	Dé Dom -hnaigh
30	1 Nollaig	2	3	4	5	6
7	8	9	10	11	12	13
14	15	16	17	18	19	20
21	22	23	24	25	26	27
28	29	30	31	1 Eanáir	2	3
4	5	6	7	8	9	10

Fanaimis slán an Nollaig seo. Iarrtar orainn:


Pleanáil a bheith déanta roimh ré.




Tá gach teagmháil tábhachtach – cuir teorainn leis an méid daoine a chastar ort.



Cuimhnigh, tá sé níos sábháilte a theacht le chéile faoin spéir ná faoi dhíon.



Má táthar ag teacht le chéile faoi dhian déan cinnte gur beag duine atá i gceist agus go bhfuil an áit aeráilte go maith.



Caith clúdach éadain mar atá molta.



Socruithe  
Faoi Leith don  
Nollaig  
18 Nollaig—  
6 Eanáir



Beimid ábalta a cuairteoirí ó suas le dhá theaghlach eile a scaoileadh isteach inár dtithe.



Beimid ábalta a taisteal taobh amuigh dár gcontae féin.



Is féidir na sonraí ar fad a bhaineann le Leibhéal 3 agus socruithe na Nollaig a fháil ar [gov.ie/ SafeChristmas](http://gov.ie/SafeChristmas)

Ar mhaithe le sláinte phoiblí níor cheart tús a chur arís le daoine a theacht le chéile (faoi dhíon ná faoin spéir) ach amháin le linn aimsir na Nollaig.

